Tá Breis Faisnéise do Thuismitheoirí le fáil thíos:

- www.tusla.ie/children-first/parents-and-guardians/
- www.childsafguardingelc.ie
- www.tusla.ie/children-first/
- www.tusla.ie/services/family-community-support/pre-school-services/

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí maidir le Cumhdach Leanaí

Ainm na Seirbhíse Luathfhoghlama agus Cúraim:

_____

Seoladh:

_____

_____

_____

Ainm Duine Iomchuí:

_____

Uimhir Theagmhála:

✆ _____

Ainm an Teagmhálaí Ainmnithe (TA):

_____

Uimhir Theagmhála:

✆ _____

Ainm an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (LTA):

_____

Uimhir Theagmhála:

✆ _____

FAISNÉIS DO THUISMITHEOIRÍ/
DO CHÚRAMÓIRÍ MAIDIR LE

Tús Áite do Leanaí i Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Children First

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Tús Áite do Leanaí

Tús Áite do Leanaí: Sonraítear sa Treoir Náisiúnta gur cheart do gach eagraíocht atá ag obair le leanaí, Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim san áireamh, cultúr sábháilte a chruthú a chuireann leas leanaí agus daoine óga a bhfuil a gcuid seirbhísí in úsáid acu chun cinn. Chomh maith leis sin, sainmhínítear Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim in Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 mar 'seirbhísí iomchuí' agus tá oibleagáidí reachtúla sonracha acu faoin Acht leanaí a choinneáil sábháilte fad is go bhfuil an tseirbhís in úsáid acu.

Leagtar oibleagáidí sonracha in *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Ceann de na hoibleagáidí seo é ábhar imní maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, atá os cionn tairseach ar leith, a thuairisciú do Tusla.

Children First

Céard leis ba cheart do thuismitheoirí/do chúramóirí a bheith ag súil ón tSeirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim?

- Is **ceanglas dlí** é go bhfuil gach Seirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim cláraithe le Tusla.
- **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** atá le feiceáil go soiléir ag gach duine a thugann cuairt ar an tseirbhís. Is é an cuspóir atá leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, cumhdach leanaí a chinntiú fad is atá úsáid á baint acu as an tseirbhís
- **Polasaí um Chumhdach Leanaí** ina ndéantar cur síos ar róil agus ar fhreagrachtaí na foirne i ndáil le hábhair imní a bhaineann le Cosaint agus Leas Leanaí. Go sonrach, ba cheart go ndéanfaí cur síos sa pholasaí seo ar nósanna imeachta tuairiscithe agus ar nósanna imeachta chun déileáil le líomhaintí déanta in aghaidh ball foirne agus oibrithe deonacha laistigh den tseirbhís
- **Cód Iompair** laistigh den Pholasaí um Chumhdach Leanaí ina ndéantar cur síos ar an gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leis ó fhostaithe agus ina mínítear céard atá inghlactha agus céard nach bhfuil nuair atá fostaithe ag obair le leanaí.
- **Polasaí maidir le hEarcaíocht Shábháilte**, bunaithe ar *'Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice' Tusla*
- Ba cheart go mbeadh **straitéis oiliúna** bunaithe ag gach Seirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim lena chinntiú go bhfaigheann AN FHOIREANN AR FAD oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí

Má tá aon rud a bhaineann le Cosaint agus Leas Leanaí ag déanamh imní do thuismitheoirí ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh lena Roinn Oibre Sóisialta Dualgais áitiúil Tusla

www.tusla.ie/get-in-touch/duty-social-work-teams/

Má tá aon rud maidir le caighdeáin cúraim laistigh de Sheirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim ag déanamh imní do thuismitheoirí is féidir leo teagmháil a dhéanamh le Cigireacht Luathbhlianta Tusla

https://www.tusla.ie/get-in-touch/early-years-inspectors/